**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000007/2023**
**ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála**
Riail 136
**Samira Rafaela** (Renew), **Hilde Vautmans** (Renew), **Attila Ara-Kovács** (S&D), **Javier Nart** (Renew), **Michal Šimečka** (Renew), **Bernard Guetta** (Renew), **Olivier Chastel** (Renew), **Guy Verhofstadt** (Renew), **Urmas Paet** (Renew), **Marisa Matias** (The Left), **José Gusmão** (The Left), **Salima Yenbou** (Renew), **Assita Kanko** (ECR), **Karen Melchior** (Renew), **Fabio Massimo Castaldo** (NI), **Vlad Gheorghe** (Renew), **Petras Auštrevičius** (Renew), **Dragoş Tudorache** (Renew), **Frédérique Ries** (Renew), **Irène Tolleret** (Renew), **Yana Toom** (Renew), **Jordi Cañas** (Renew), **Kathleen Van Brempt** (S&D), **Charles Goerens** (Renew), **Nicolae Ştefănuță** (Renew), **Karin Karlsbro** (Renew), **Katalin Cseh** (Renew), **Ramona Strugariu** (Renew), **Cindy Franssen** (PPE), **Tom Vandenkendelaere** (PPE), **Tineke Strik** (Verts/ALE), **Jan-Christoph Oetjen** (Renew), **Sara Matthieu** (Verts/ALE), **Malik Azmani** (Renew), **Cornelia Ernst** (The Left), **Pascal Arimont** (PPE)

Ábhar: Glao ar straitéis Eorpach chun an taidhleoireacht giall a chomhrac

Tá roinnt saoránach Eorpach á gcoinneáil ina ngiall ag an Iaráin agus ag réimis eile agus tá siad á n-úsáid mar mhíreanna margántaíochta. Tá na saoránaigh sin á gcoinneáil go treallach ar chúiseanna bréagacha agus tá pianbhreitheanna blianta fada i bpríosún, dosaenacha lasc nó fiú báis faighte ag cuid acu.

Baineann an cás is déanaí san Iaráin le Olivier Vandecasteele, náisiúnach na Beilge. Tá sé ar liosta de dhaoine atá á gcoinneáil mar sin, liosta atá ag dul i méid, ar a bhfuil Cécile Kohler agus Jacques Paris ón bhFrainc, Ahmadreza Djalali ón tSualainn agus go leor saoránach eile ón Aontas Eorpach freisin. Ó 2010 i leith, tá ar a laghad 66 náisiúnach eachtrach nó dénáisiúnach de chuid na hIaráine coinnithe ag réimeas na hIaráine[1]. Is sampla cruthanta í Nazanin Zaghari-Ratcliffe, nár scaoileadh saor ach amháin tar éis do Rialtas na Breataine na céadta milliún euro a íoc mar mhalairt uirthi[2].

Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 maidir le básuithe agus agóidí san Iaráin, cáineadh go láidir an feiniméan sin agus iarradh go scaoilfí saor Vandecasteele agus daoine eile atá á gcoinneáil láithreach bonn[3].

Mar sin féin, is minic nach mbíonn go leor tionchair ag na Ballstáit ina n-aonar chun dul i ngleic le sáruithe uafásacha ar chearta shaoránaigh an Aontais, agus faigheann siad go bhfuil orthu suimeanna móra airgid a íoc nó sceimhlitheoirí ciontaithe a mhalartú ar a gcuid saoránach[4].

Dá bhrí sin, iarraimid go mbeadh straitéis Eorpach ann chun cur i gcoinne na taidhleoireachta giall, lena n-áirítear tascfhórsa speisialaithe a bheidh in ann déileáil go héifeachtach le saoránaigh an Aontais atá á gcoinneáil ina ngiall ag an Iaráin agus ag réimis eile. Ní féidir stop a chur le húsáid na taidhleoireachta giall ag an Iaráin agus réimis eile ach amháin trí chomhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh; ní féidir linn ár saoránaigh a chosaint ach amháin má oibrímid le chéile. Dá bhrí sin:

1. Cad is féidir le Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a dhéanamh chun saoránaigh an Aontais a chosaint ar réimis eachtracha naimhdeacha?

2. An gcuirfidh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí straitéis chomhordaithe chun feidhme chun an taidhleoireacht giall a chomhrac?

---

[1] https://repository.essex.ac.uk/32304/.
[2] https://www.bloomberg.com/opinion/articles/2022-03-16/the-bill-for-nazanin-zaghari-ratcliffe-s-freedom-about-530-million.
[3] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0016_GA.html
[4] https://www.brusselstimes.com/248574/vub-professor-djalali-might-be-exchanged-for-iranian-terrorist-convicted-in-belgium.

3. An aontaíonn an Leas-Uachtarán/Ardionadaí go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe AE chun seasamh níos daingne a ghlacadh i gcoinne na réimeas sin?

Curtha síos: 27.2.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 28.5.2023